



Gaelscoil Thaobh na Coille

Mol an óige agus tiocfaidh sí



Feis Átha Cliath : Figure Dancing Competition

Bhí an-lá go deo ag daltaí Gaelscoil Thaobh na Coille amuigh sa Chlasach i nCluain Tarbh ar an gCéadaoin 15 Bealtaine agus iad ag iomaíocht i bhfeis rince Feis Átha Cliath. Comórtas rince foirne do bhunscoileanna í seo agus bhí daltaí ó 6 bhunscoil éagsúil san iomaíocht. Ghlac daltaí na scoile páirt i dtrí chomórtas: Corr Ceathrar R3/R4, Cor Ceathrar R5/R6, & an Cor Ochtar R5/R6. 64 dalta ar fad ó ranganna 3, 4, 5 agus a 6 a bhí ag rince ar son na scoil sa bhfeis. Bhí ríméad ar na páistí agus na múinteoirí agus iad ag filleadh chun na scoile agus an 1u áit buaite acu 'sna trí chomórtas ina ndearna siad iomaíocht, an 2u áit i ndá cheann acu mar aon leis an t-uafás boinn eile! Míle buíochas lenár múinteoir iontach rince Nuala Ní Eochaidh as an obair ar fad a dhéanann sí leis na páistí agus as an t-am breise a chaitheann sí leis na daltaí á n-ullmhú don Feis.

The pupils of Gaelscoil Thaobh na Coille had a wonderful day in the Clasach in Clontarf on Wednesday the 15th May where they were competing in the Irish dancing feis 'Feis Átha Cliath'. This is a figure dancing competition for primary schools. Our pupils competed in 3 competitions: the Four-Hand Reel for R3/R4, the Four-Hand Reel for R5/R6 & the Eight-Hand Reel for R5/R6. 64 pupils in all from 3rd, 4th, 5th & 6th class in Gaelscoil Thaobh na Coille danced in the feis. The pupils and the teachers were delighted and excited to return to the school after being placed 1st in all three competitions, 2nd in two of the competitions, as well as numerous other placings in each of the competitions.

Míle buíochas to our wonderful múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh for all the work she does with the children and for the extra time she puts into preparing the children for the Feis.



Cúrsaí Spóirt : Sports News



Ghlac an scoil páirt i gcomórtais iomána agus camógaíochta Cumann na nBunscol arís i mbliana. Shroich na hiománaithe an cheathrú chraobh ach chailleadar 1 - 05 v 1- 03 i gcoinne Scoil Naomh Oilibhéar Pluincéad, Mullach Íde. Tá foireann camógaíochta na scoile tar éis leath chraobh Corn Haughey a bhaint amach.

The school has participated in the Cumann na mBunscol hurling & camogie leagues in recent months. The senior team exited the competition at the quarter final stage, going down 1 - 05 v 1 - 03 to St. Oliver Plunkett NS, Malahide. The camogie team finished up top of their league and are currently awaiting the identity of their semi final opponents.

Comhghairdeachas le R3B a bhuaigh Corn Andy Gibbons roimh Cháisc agus comhgháideachas le R3A freisin as an Sciath a bhuaichaint. *Congratulations to R3B on winning the Andy Gibbons Cup before Easter. Congratulations also to R3A for winning the Shield.*



Tá traenáil lúthchleasaíochta faoi lán tseoil faoi láthair agus daltaí ó R3 go R6 ag ullmhú le páirt a ghlacadh i gcomórtais lúthchleasaíochta Chumann na mBunscol i Seantraibh níos déanaí an mhí seo. Luan 20 Bealtaine (lúthchleasaíocht páirce) & Luan 27 Bealtaine (lúthchleasaíocht traic).

Participants from R3 - R6 are training at present for the Cumann na mBunscol Athletics meet that will take place in Santry later this month. Monday 20th May (field events) & Monday 28th



Comórtas Claisceadail na Céime Choral Singing Competition



Buaiteoirí 2019 : R4A Gaelscoil Thaobh na Coille & R4 Scoil Mhuire, Áth an Ghainimh



R4A Gaelscoil Thaobh na Coille

Eagraíodh comórtas Claisceadail na Céime i nGaelscoil Thaobh na Coille don tríú bhliain as a chéile ar an Mháirt 2 Aibreán. Comórtas é seo atá dírithe ar dhaltaí R4. Canann gach cór dhá amhrán traidisiúnta Gaeilge gan tionlacan.

Ghlac 6 rang ó cúig scoil logánta páirt i gComórtas Claisceadail na Céime 2019. Rang ó Scoil Mhuire, Bunscoil Foghlaim le Chéile na Céime, Gaelscoil Shliabh Rua, Scoil Mhuire Cois Bóthair agus 2 rang ó Ghaelscoil Thaobh na Coille. Bhí an-chomórtas go deo ann agus amhránaíocht bhinn, bhríomhar le cloisteáil ó na grúpaí ar fad.

Bhí cinneadh an-deacair go deo le déanamh ag moltóir an chomórtais Maedhbh Uí Chiagáin ach ar deireadh chinn sí ar Chorn Claisceadail na Céime 2019 a roinnt idir dhá scoil, R4A Gaelscoil Thaobh na Coille & Scoil Mhuire, Áth an Ghainimh.

Comórtas Claisceadail na Céime was held for the third year running in Gaelscoil Thaobh na Coille on Tuesday 2nd April. This is a choral competition for fourth class. Each choir or 'claisceadal' sing 2 traditional Irish songs. The songs are sung unaccompanied, one song in unison & the second in unison or in two-part harmony.

Six choirs from 5 local schools participated in the competition. A class each from St Mary's NS, Sandyford, Stepside Educate Together NS, Gaelscoil Shliabh Rua, Our Lady of the Wayside and 2 classes from Gaelscoil Thaobh na Coille. It was a great competition with beautiful and expressive singing to be heard from each choir.

Our adjudicator Maedhbh Uí Chiagáin had the very difficult task of choosing the winning choir and in the end R4A Gaelscoil Thaobh na Coille & St Marys were named joint winners of Claisceadail na Céime 2019.

Cuimhneachán *Reminder*

Cuimhneachán : Scoil dúnta ar an Aoine 24 Bealtaine 2019 mar go mbeidh an scoil in úsáid mar ionad toghachána.

Reminder : School closed on Friday May 24th 2019 as the school will be used as a voting centre for the elections.

Bille Scoile 2019/2020



Beidh an bille scoile & liosta téacsleabhair do 2019/2020 ag dul amach gan mhoill. Iarraimid an t-íocaíocht seo a dhéanamh i bhfoirm seice nó mar aistriú bainc ar-líne.

The school bill and textbook list for 2019/2020 will be issued shortly. We request that parents pay this bill by cheque or by on-line bank transfer where possible.

Seó Tallainne 2019



Seó Tallainne 2019

Dé hAoine 14 Meitheamh

12.00 a chlog

Halla na Scoile

Fáilte roimh Thuismitheoirí

Parents Welcome

Éide Scoile Samhraidh *Summer Uniform*

Nuair a bhíonn an aimsir the ann tá cead ag na páistí brístí gearra dubhghorm spóirt a chaitheamh ar scoil. Caithtear an briste gearr leis an léine & leis an ngeansaí spóirt.

When we have fine, warm weather the children are allowed to wear navy sports shorts to school. They wear the shorts with their sports t-shirt and sports top.

Naíonáin Shóisearacha 2019/2020



Tabharfaidh na páistí a bheidh ag tosú sa scoil i rang na naíonáin i mí Meán Fómhair 2019 cuairt ar ar scoil ar an **Luan an 10 Meitheamh** óna

1pm go 2pm. Buailfidh siad lena gcuid comhscóláirí agus caithfidh siad roinnt ama ag súgradh sa seomra ranga.

*Next year's junior infants are invited to visit the school on **Monday the 10th of June** from 1pm to 2pm. They will meet their fellow classmates and spend some time playing in their classroom.*

Taispeántas Ubh Cásca *Easter Egg Display*

D'éagraigh Ionad Siopadóireachta Dún Druma taispeántas ealaíona d'uibheacha péinteáilte mar chuid de cheiliúradh na Cásca i mbliana. Táim cinnte gur thug gach duine agaibh a bhí i nDún Droma i rith deireadh seachtaine na Cásca na huibheacha a mhaisigh daltaí bunscoile an cheantair faoi ndeara agus iad ar taispeántas ar fud an ionaid. Cuireadh ubh mór bán agus péinteanna aicrileach ar fáil do gach scoil agus iarradh orthu an t-ubh a mhaisiú cibé slí go mba mhian leo féin.

Bheartaigh an grúpa daltaí ó R6 a mhaisigh ár n-ubh dhá leath a dhéanamh den ubh agus radharc earraigh lae a phéinteáil ar thaobh amháin agus radharc earraigh oíche a phéinteáil ar an taobh eile. Rinne siad sár-job agus bhíomar an-bhródúil as agus é ar taispeántas poiblí san ionad siopadóireachta.



Dundrum Shopping Centre held an exhibition of painted Easter eggs during Easter. Those of you who visited the shopping centre anytime around Easter weekend would have seen the eggs, painted by local primary schools, displayed around the centre. Schools were provided with a big white egg and paints and asked to decorate the egg in whichever way they wished.

A group of pupils from R6 painted our egg to depict a night time spring time scene on one side and a day time spring scene on the other. They did a wonderful job of it and we were very proud to see it on public display in the centre. We were delighted to be asked to participate in this lovely initiative.

Péiméirí: R6A/R6B: Abigail, Áine, Caroline, Charlie, Féilim, Martha



Dátaí do Dialann Dates for Your Diary

- 
- 20/05/19 Lúthchleasaíocht Páirce Chumann na mBunscol *Cumann na mBunscol Athletics Field Events, Santry*
- 20/05/19 Cleachtadh Cór na nÓg don Ceoláras Náisiúnta *National Children's Choir Rehearsal for NCH*
- 22/05/19 Cruinniú Tuismitheoirí Naíonáin Shóireasacha 2019/2020 *New Junior Infant Parents' Meeting 8pm*
- 23/05/19 R3A/R3B Turas Ranga *Class Tour - Squirrel Scramble*
- 24/05/19 SCOIL DÚNTA do na toghacháin *SCHOOL CLOSED for the elections*
- 27/05/19 Lúthchleasaíocht Traic Cumann na mBunscol *Cumann na mBunscol Athletics Track Events, Santry*
- 29/05/19 Lá Glas - cosain an timpeallacht *Green Day - project the environment*
- 29/05/19 N2A/N2B Turas Ranga *Class Tour Imaginosity*
- 30/05/19 R6A/R6B Grád Scrúdaithe Rince
- 30/05/19 R1/R2 Feis Rince Scoile
- 31/05/19 Triallacha Seó Tallainne
- 03/06/19 Lá Saoire Poiblí – Scoil Dúnta *School Closed*
- 04/06/19 - 07/06/19 SEACHTAIN SPÓIRT & SPRAOI
- 05/06/19 R5A Turas Ranga *Class Tour Ysgol Gymraeg Morswyn Wales*
- 05/06/19 R5B Turas Ranga *Class Tour Turas Rúnda!*
- 06/06/19 R6A/R6B Turas Ranga *Class Tour Ionad Eachtraíochta an Dún Mhóir*
- 06/06/19 **Lá Spóirt Sports Day N1 – N2 Céadaoin 12.30pm**
- 07/06/19 SIÚLÓID URRAITHE Cumann na dTuismitheoirí
- 07/06/19 **Lá Spóirt R1 - R6 Sports Day Déardaoin 1.00pm**
- 10/06/19 Cuairt Naíonáin Shóisearacha 2019/2020 chun na scoile 1pm - 2pm
Junior Infants 2019/2020 visit the school 1pm - 2pm
- 13/06/19 Bliots Camógaíochta eagraithe ag *Kilmacud Crokes (R5/R6)*
- 14/06/19 **R3 – R6 Seó Tallainne Talent Show 12.00 a chlog**
- 18/06/19 Feis Rince Scoile R3 - R6
- 18/06/19 N1A/N1B/N1C Turas Ranga *Class Tour Feirm Ghleann Rua*
- 19/06/19 Cuairt Ysgol Gymraeg Morswyn go Gaelscoil Thaobh na Coille (R5A)
Pupils from Ysgol Morswyn Gymraeg in Wales visit the school
- 24/06/19 R2A/R2B Turas Ranga *Class Tour – Ionad Spóirt*
- 26/06/19 R6A/R6B Ceiliúradh Cinn Chúrsa *Graduation*
- 28/06/19 Scoil ag dúnadh ag 12 do Shaoire an tSamhraidh
School closing at 12 for Summer Holidays

Dáta le socrú Scoil ag athoscailt don scoil bhliain nua 2018/2019 - le dearbhú
School Re-Opening for 2018/2019 school year - to be confirmed

Dáta le socrú R4A/R4B Turas Ranga *Class Tour*